

Cuntas Leithreasa 2019

Vóta 24

Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain agus
- b) arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil sa bhliain 2019 as leithreasaí nár caitheadh sa bhliain 2018, faoi na socrúithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €8.978 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas a ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Cuntasaíocht grúpa le haghaidh sócmhainní seasta

Léirítear i Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa maidir le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Dímheas

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid cothrom thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid cothroí thar an saolré úsáideach mheasta.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Seirbhísí comhroinnte

Cuirtear seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun na rialuithe cuí a fheidhmiú i rith na seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn.

Tá litir dearbhaithe soláthartha agam do na hOifigigh Chuntasaíochta, ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó Lárionad Comhsheirbhísí Airgeadais na Roinne i gCill Airne, maidir leis na rialuithe atá curtha ar bun.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí .
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhmchun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na heilimintí seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhníonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannachán agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le gach treoirlíne chuí a mhéid agus is féidir léi laistigh dá smacht. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gcóras bainistíochta airgeadais chun a chinntiú go bhfuil an caiteachas ag teacht le nósanna imeachta cuí soláthair. Tá formhór mór na gcomórtas tairisceana á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig. Seoltar tuairisceán bliantúil chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Oifig um Sholáthar Rialtais chun Ciorclán 40/2002 na Roinne Airgeadais a chomhlíonadh.

Cuireadh 41 conradh le luach de €8,641,259 (gan CBL a áireamh) san áireamh i dtuairisceán 40/02 toisc gur mó iad ná an tairseach tuairiscithe €25,000 (gan CBL a áireamh) agus gur dámhadh iad (inter alia) gan próiseas iomaíoch a reáchtáil.

Tá an Roinn comhlíontach seachas i gcás 22 chonradh a bhfuil luach €5,708,769 ag baint leo. Breithnítear na conarthaí seo a bheith neamhiomaíoch agus neamh-chomhlíontach de bharr gur cuireadh síneadh leo thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch nua a reáchtáil, agus is mar seo a leanas atá na sonraí a bhaineann leis sin:

- Tá ceathrar chonradh a bhfuil luach €1,060,874 acu bronnta anois.
- Tá 16 chonradh a bhfuil luach €4,089,475 acu faoi réir socruithe leasaithe soláthair atá á gcur i bhfeidhm ag an *OGP* nó tá tús curtha le sonraíochtaí tairiscintí a ullmhú.
- Cuireadh síneadh le a dó chonradh a bhfuil luach €558,420 acu d'fhonn aistriú go dtí córais nua a chumasú.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa faofa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais agus bainistithe sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre. Tá na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile ag an gCoiste Iniúchta. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, a mhéid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don leibhéal bainistíochta cuí, áit is ábhartha, go tráthuíl. Dearbhaím go bhfuil príomhríosaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Ag teacht sna sála ar na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúcháireachta le déanaí, bíonn an Roinn i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC agus riar deontas.

Aidan O'Driscoll

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

25 Márta 2020

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáiltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Mean Fómhair 2020

Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Cuntas Leithreasa 2019

		2019		2018
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasáí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	64,540		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(6,507)		
			58,033	56,529
				44,733
B	Éire shlán, shábháilte			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	192,944		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	942		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(7,630)		
			186,256	180,448
				175,935
C	Fáil ar cheartas do chách			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	54,942		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	2,596		
			57,538	55,977
				52,468
D	Sochaí chothrom uilechuimsitheach			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	30,661		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(2,201)		
			28,460	24,509
				21,501
E	Córas Inimirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtúil, so-fhreagrach agus cothrom			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	158,291		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	67,512		
			225,803	222,620
				161,094
	Ollchaiteachas		556,090	540,083
	<i>Asbhain</i>			455,731
F	Leithreasáí i gcabhair			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	77,664		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	20,470		
			98,134	91,105
				85,027
	Glanchaiteachas			
	<i>Meastachán bunaidh</i>			
		423,714		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	942		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	33,300		
			457,956	448,978
				370,704

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite do ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó aon chuid ar bith de na leithreasáí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

	2019	2018
	€	€
Farasbarr	8,977,803	7,816,484
Géilleadh iarchurtha	—	(942,000)
Farasbarr le géilleadh	8,977,803	6,874,484

Aidan O'Driscoll

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

25 Márta 2020

Nótaí don Chuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

	2019	2018
	€000	€000
Caiteachas cláir	479,591	408,673
Pá	30,551	26,611
Neamhphá	29,941	20,447
Ollchaiteachas	540,083	455,731
<i>Asbhain</i>		
Leithreasai-i-gcabhair	91,105	85,027
Glanchaiteachas	448,978	370,704
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
Airgead tirim um cheannachán	(7,413)	
Dímheas	4,185	
Caillteanas ar dhiúscairtí	45	
Airgead tirim um dhiúscairtí	1	(2,246)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhrúithe deiridh	(11,108)	
Méadú ar stoc	(316)	162
Caiteachas díreach	434,372	368,620
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	45,648	43,391
Measchíosanna	4,860	4,693
Costas glancláir	484,880	416,704

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile agus costas cionroinnte lárionad comhsheirbhísí na Roinne.

	2019	2018
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	307	279
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	37,189	34,755
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	11,849	11,903
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte	221	279
Vóta 20 An Garda Síochána	204	195
Lárchiste – Pinsin na nAirí	191	186
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile	(4,313)	(4,206)
	45,648	43,391

Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	25,630	22,448
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	32,119	27,219
Stoic	2.3	1,079	763
Réamhíocaíochtaí		12,282	5,101
Ioncam fabhraithe		8,276	4,330
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	1,489	1,184
Iomlán na sócmhainní reatha		55,245	38,597
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		7,456	7,377
Ioncam iarchurtha		88	148
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	32,630	27,190
Glandliteanas don Státchiste	2.6	978	1,213
Iomlán na ndlíteanas reatha		41,152	35,928
Glansócmhainní reatha		14,093	2,669
Glansócmhainní		39,723	25,117
Arna léiriú ag:			
Cuntas mhaoiniú an Stáit	2.7	39,723	25,117

2.1 Sócmhainní Caipitil^a

	Foirgnimh	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní Caipitil á bhForbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019	6,901	1,716	97,539	2,774	7,257	116,187
Breiseanna	—	352	3,697	45	3,319	7,413
Tugtha in úsáid	—	—	316	—	(316)	—
Diúscairtí ^b	—	(179)	(1,275)	(16)	(37)	(1,507)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019	6,901	1,889	100,277	2,803	10,223	122,093
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019	1,446	1,067	88,866	2,360	—	93,739
Dímheas don bhliain	138	256	3,709	82	—	4,185
Dímheas ar dhiúscairtí ^b	—	(179)	(1,266)	(16)	—	(1,461)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019	1,584	1,144	91,309	2,426	—	96,463
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019	5,317	745	8,968	377	10,223	25,630
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018	5,455	649	8,673	414	7,257	22,448

Nótaí ^a Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil na sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

^b Baineadh sócmhainní crua-earraí agus bogearraí TF a bhí dulta as feidhm as an gclár sócmhainní sa bhliain 2019. Tá baint na sócmhainní sin den chlár sócmhainní freagrach as cuid shuntasach de na diúscairtí sa bhliain 2019.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
larmhéideanna an Phámháistir Ginearálta	21,799	21,337
larmhéideanna cuntais bhainc thráchtála eile	10,320	5,882
	32,119	27,219

2.3 Stoic

ag 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Páipéarachas	124	153
Tomhaltais fóiréinseacha	421	517
Tomhaltais TF	81	48
Ceadanna Cónaitheoirí / Doiciméid Taistil	410	—
Ilghnéitheach	18	18
Trealamh/ éadach	25	27
	1,079	763

2.4 larmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí	19	124
Óinchistí	56	56
Aisghabháil na scéime pas taistil	787	733
Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla	20	35
Cuntas Fionraí Párolla (Cosán pá)	469	—
Eile	138	236
	1,489	1,184

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	2,038	1,772
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	1,181	1,007
Cáin Bhreisluacha	387	271
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	2,045	2,134
Iarmhéideanna i gcuntais rannacha	10,320	5,882
	15,971	11,066
Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí	679	662
Airleacan mhaoiniúchiste sóisialta na hEorpa ar son tionscadail -um chuimsiú sóisialta 2014 – 2020	2,979	2,979
Réamhíocaíochtaí an Chiste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha 2014–2020	12,466	12,014
Athlonnaíocht éigeandála agus tionscadail <i>reach</i>	53	53
Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste	25	18
Eile	457	398
	32,630	27,190

2.6 Glandliteanas don Státchiste

ag 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	8,978	6,874
Géilleadh larchurtha	—	942
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas	(8,000)	(6,603)
Glandliteanas don Státchiste	978	1,213
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	32,119	27,219
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	1,489	1,184
	33,608	28,403
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(15,971)	(11,066)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(16,659)	(16,124)
	(32,630)	(27,190)
	978	1,213

2.7 Cuntas Mhaoiniú an Stáit

	Nóta	2019	2018
		€000	€000
larmhéid ag 1 Eanáir		25,117	23,033
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	457,956	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(8,978)	
Vóta glan		448,978	370,704
Glanchaiteachas (airgead tirim)	1.1	45,648	43,391
iompraíodh in áit eile			
Caiteachas neamh-airgid – measchíos	1	4,860	4,693
Costas glan cláir	1	(484,880)	(416,704)
larmhéid ag 31 Nollaig		39,723	25,117

2.8 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	71,974	10,677
Tograí caipitil	2,802	3,562
lomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí	74,776	14,239

2.9 Dlíteanais aibithe

Ní raibh aon dlíteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2019 nó sa bhliain roimhe sin.

2.10 Dlíteanais theagmhasacha

Féach ar Nóta 6.1 i dtaca le coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachais riaracháin

Cionroinneadh caiteachas riaracháin, atá leagtha amach thíos, ar fud na gclár chun costais iomlána chláir a chur i láthair.

			2019	2018
			Soláthar meastacháin	Toradh
	€000	€000	€000	€000
I	Tuarastail, páнна agus liúntais			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	22,711		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	3,670		
			26,381	26,518
ii	Taisteal agus cothabháil		338	343
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhásacha			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	3,867		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	3,000		
			6,867	6,823
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	635		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	1,450		
			2,085	2,391
V	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	6,935		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	2,250		
			9,185	9,534
Vi	Costais áitribh oifige			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	1,633		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	300		
			1,933	2,307
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe		73	135
viii	Taighde		282	279
ix	Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ^a			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	6,560		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(400)		
			6,160	5,998
X	Clár claochlaithe ceartais agus póilíneachta			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	10,000		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(3,000)		
			7,000	6,164
			60,304	60,492
				47,058

- Nóta ^a I bhfigiúr pá don bhliain 2019, áirítear tuarastail arbh ionann iad agus €4,032,874 (2018: €3,970,764) don Lárionad Comhsheirbhísí Airgeadais. Muirearaítear an costas seo ar chlár A – Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin, fo-mhírcheann A.1 Riarachán-pá.

Athrúcháin shuntasacha

Sna nithe seo a leanas i gcaiteachas riaracháin an Vóta, leagtar amach na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/-25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha

Soláthar an mheastacháin €3.867 milliún, táirgeacht: €6.823 milliún
Léirítear mheastachán forlíontach €3 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €2.956 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.867 milliún. Baineann an sárú go príomha le speansais agus táillí riaracháin lena n-áirítear seirbhísí ar conradh os cionn €2 mhilliún.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar an mheastacháin €635,000, táirgeacht: €2.391 milliún
Léirítear sa mheastachán forlíontach €1.45 milliún don fho-mhírcheann an caiteachas barrachais €1.756 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €635,000. Tháinig an róchairtheamh chun cinn go príomha mar thoradh ar chaiteachas breise a bhaineann le naisc theileachumarsáide an Líonra Achair Leathan €805,000, teileafónaíocht (gairis, córais oibriúcháin agus tacaíocht) de €765,000 agus bonneagar breise don Líonra Ceantair Áitiúil (€186,000) mar thoradh ar leathnú an bhoinn úsáideora.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar an mheastacháin €6.935 milliún, táirgeacht: €9.534 milliún
Léirítear go páirteach sa mheastachán forlíontach €2.25 milliún don fho-mhírcheann an caiteachas barrachais €2.599 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €6.935 milliún. Tháinig an róchairtheamh chun cinn mar gheall ar chostais a bhain le: huasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar a bhí de dhíth don bhunachar úsáideoirí a bhí ag méadú agus feidhmíocht córas níos fearr (€1.366 milliún); costais níos mó a bhain le ceadúnú *Microsoft* (€520,000); riachtanais Láithreán Gréasáin (€356,000); comhairleoireacht slándála neamhspleách (€118,000) agus na gnéithe TFC a bhain leis angClár Trasfhoirmithe don Roinn (€239,000).

x Clár claochlaithe ceartais agus póilíneachta

Soláthar an mheastacháin €10 milliún, táirgeacht: €6.164 milliún
Tá coigilt €3.836 milliún ann i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh, rud a léirítear go páirteach i laghdú €3 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Measadh ar dtús go mbeadh fochostais bhreise tacaíochta anuas ar an bpríomhchonradh tacaíochta seachtrach de dhíth maidir le Clár Trasfhoirmithe na Roinne Dlí agus Cirt, ach ní raibh aon ghá leo in gcuntais 2019 do chuid den ghannchaitheamh. Ina theannta sin, déantar gnéithe den Chlár Trasfhoirmithe Póilíneachta (Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí) a mhaoiniú ón bhfo-mhírcheann seo. Is clár ceithre bliana é seo áfach agus maidir leis an mbliain 2019 bhí caiteachas níos lú ann ná mar a bhí pleanáilte fad is a bhí sraitheanna éagsúla an chlár á mbunú agus á dtabhairt chun cinn ag an nGarda Síochána.

Clár A Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm

		2019		2018
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	9,532		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	440		
			9,972	9,153
A.2	Riarachán - neamhphá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	15,255		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(1,397)		
			13,858	6,202
A.3	Cigireacht na bPríosún		496	538
A.4	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána		10,658	9,847
A.5	Oifig Chigireachta na nGardaí		1,295	1,001
A.6	Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	15,280		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(4,500)		
			10,780	8,058
A.7	Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	696		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(50)		
			646	547
A.8	Údaráis Lárnach		135	62
A.9	An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Díl		1,001	1,000
A.10	An tÚdarás Rialála Náisiúnta um Sheirbhísí Maoine		2,250	2,054
A.11	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	7,440		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(800)		
			6,640	6,271
A.12	An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	251		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(200)		
			51	—
A.13	An Chomhairle Bhreithiúnach		251	—
			58,033	56,529
				44,733

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €8.011 milliún níos ísle ná an méid (bunaidh) a soláthraíodh. Laghdaíodh an meastachán bunaidh €64.54 milliún faoi €6.507 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

A.3. Cigireacht na bPríosún

Soláthar an mheastacháin: €496,000, táirgeacht: €646,000

Baineann an farasbarr de €150,000 le róchaiteachas i gcostais neamh-phárolla. Baineann sé go príomha le costas cóiríochta oifige sealadaí i mBaile Átha Cliath, tacaíocht ghairmiúil sheachtrach a bhí ag teastáil agus méadú ar líon na n-éileamh taistil agus cothaithe mar gheall ar líon na n-imscrúduithe báis i gcoimeád.

A.5 Oifig Chigireachta an Gharda Síochána

Soláthair an mheastacháin: €1.295 milliún, táirgeacht: €1.119 milliún

Baineann an choigilt €176,000 den chuid is mó le riachtanas níos lú le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta sa bhliain 2019, athruithe ar leagan amach agus ar fhoilsiú tuarascálacha na Cigireachta chomh maith le hoibreacha a bhí pleanáilte a dhéanamh san oifig a chur siar.

A.6 Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Soláthair an mheastacháin: €15.28 milliún, táirgeacht: €10.448 milliún

Tá coigilt €4.832 milliún ann i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €15.28 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €4.5 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Bhí coigilt €1.8 milliún ann maidir le pá mar gheall ar thráthúlacht fheachtais earcaithe agus folúntais nár líonadh. Tá coigiltis tuairim is €3 milliún ann maidir le caiteachas neamhphá go príomha mar thoradh ar chostais chóiríochta níos ísle ná mar a raibh súil leis mar gheall nach raibh oifig nua faighte in 2019 mar a bhí pleanáilte. Ina theannta sin, tabhaíodh costais dlí níos lú ná mar a raibh súil leo in 2019.

A.7 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann

Soláthair an mheastacháin: €696,000, táirgeacht: €503,000

Tháinig coigilt €193,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €696,000, rud a léirítear go páirteach i laghdú €50,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Bhí coigilteas €47,000 ann maidir le pá de bharr nach raibh an líon iomlán foirne fostaithe i rith na bliana. Baineann an chuid eile den ghannchaiteachas €146,000 le laghdú a tháinig ar thaiscthí DVD i gcomórtas leis na mbliain roimhe sin chomh maith le caiteachas a bhí pleanáilte a chaitheamh ar thaighde nach mbeidh i gceist anois go dtí an bhliain 2020.

A.10 An tÚdarás Rialála Náisiúnta um Sheirbhísí Maoine

Soláthair an mheastacháin: €2.25 milliún, táirgeacht: €2.591 milliún

Tá an farasbarr de €341,000 go príomha mar gheall ar chostais dhlíthiúla méadaithe a thabhaigh an tÚdarás agus é ag feidhmiú a fheidhme reachtúla. Tháinig costais bhreise de €100,000 chun cinn maidir le feachtas sna meáin.

A.11 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Soláthair an mheastacháin: €7.44 milliún, táirgeacht: €6.239 milliún

Tháinig coigilt €1.201 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €7.44 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €800,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Bhí coigilteas €831,000 ar thuarastail ann de bharr nach raibh a líon iomlán foirne ag an /S/ i rith na bliana 2019 agus €370,000 do chaiteachas neamhphá a bhain den chuid is mó le moill a bheith ar an tionscadal do chóras nua bainistithe cásanna.

A.12 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha

Soláthair an mheastacháin: €251,000, táirgeacht: €0

Eascraíonn an coigilteas toisc nár achtaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha sa reachtaíocht in 2019 agus dá bhrí sin níor tabhaíodh aon chaiteachas ar an bhfo-cheannteideal seo.

A.13 An Chomhairle Bhreithiúnach

Soláthair an mheastacháin: €251,000, táirgeacht: €28,000

Is é is cúis leis an gcoigilteas de €223,000 go príomha toisc nár bunaíodh an Chomhairle Bhreithiúnach ach an 17 Nollaig 2019 agus dá bhrí sin rinneadh gannchaiteachas ar airgead a leithdháileadh uirthi do 2019.

Clár B Éire shlán shábháilte

		2019		2018
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	8,198		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>1,314</u>		
			9,512	8,115
B.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	4,933		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>2,506</u>		
			7,439	6,622
B.3	An Biúró um Shócmhainní Coiriúla			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	8,603		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>1,250</u>		
			9,853	8,832
B.4	Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	23,905		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>(2,700)</u>		
			21,205	20,775
B.5	Seirbhísí Promhaidh - speansais oibriúcháin			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	3,375		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>700</u>		
			4,075	3,975
B.6	Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	17,532		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>(800)</u>		
			16,732	16,466
B.7	Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	3,002		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>(700)</u>		
			2,302	2,138
B.8	Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig		13,169	12,603
B.9	Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta		1,712	1,712
B.10	An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil)		401	418
B.11	Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil		4,282	6,667
B.12	Cúnamh Dlíthiúil (Coiriúil)			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	61,302		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>6,500</u>		
			67,802	64,809
B.13	Cúnamh Dlíthiúil (saincheisteanna coimeádta)		3,000	2,672
B.14	An Bord Parúil		577	437
B.15	Bearta coiscithe coireanna			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	1,197		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	<u>(500)</u>		
			697	598

B.16	An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach	3,258	3,328	2,700
B.17	COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	2,738		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(300)		
		2,438	2,409	2,349
B.18	Eolaíocht Fhoiréinseach na hÉireann			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	30,785		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	942		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(15,300)		
		16,427	14,925	12,849
B.19	An Paiteolaí Stáit			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	975		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	400		
		1,375	1,230	1,198
		186,256	180,448	175,935

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár B €13.438 milliún níos ísle ná an méid (bunaidh) a soláthraíodh. Laghdaíodh an meastachán bunaidh €193.886 milliún faoi €7.63 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

B.3 An Biúro um Shócmhainní Coiriúla

Soláthair an mheastacháin: €8.603 milliún, táirgeacht: €9.86 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €1.25 milliún don fho-mhírcheann don vóta san bhliain 2019 an barrachas €1.257 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €8.603 milliún. Baineann an caiteachas barrachais go príomha le costais phárolla mar gheall ar an sannadh leanúnach acmhainní breise soláthar foirne, idir bhuan agus shealadach, chuig an mBiúro um Shócmhainní Coiriúla mar fhreagairt do leibhéil ghníomhaíochta mhéadaithe. Ina theannta sin, chuir uirlis fóiréinsic dhigiteach / ríomhFhionnachtana a fháil, a shábhálfaidh lear mór daonuaireanta ar an mBiúro nuair a bheidh anailís á déanamh ar shonraí nuair a bheidh sí i bhfeidhm go hiomlán, leis an gcaiteachas barrachais.

B.4 Seirbhís Promhaidh - tuarastail, pánnas agus liúntais

Soláthair an mheastacháin: €23.905 milliún, táirgeacht: €21.042 milliún

Tháinig coigilt €2.863 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €23.905 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €2.7 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an gannchaitheamh chun cinn mar thoradh ar roinnt folúntas a bhí ann laistigh den tSeirbhís Promhaidh in 2019 agus moilleanna ar phoist a líonadh.

B.5 Seirbhís Promhaidh - costais oibriúcháin

Soláthair an mheastacháin: €3.375 milliún, táirgeacht: €4.12 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €700,000 don fho-mhírcheann an barrachas €745,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.375 milliún. Baineann an caiteachas barrachais go príomha le costais mhéadaithe a bhain le soláthar seirbhísí, go háirithe TFC agus saoráidí agus bainistíocht eastáit.

B.6 Seirbhís Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí

Soláthair an mheastacháin: €17.532 milliún, táirgeacht: €16.629 milliún

Tháinig coigilt €903,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €17.532 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €800,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an choigilt chun cinn mar gheall ar dhá thionscnamh tacaíochta cóiríochta a thosaigh níos déanaí ná mar a bhí beartaíthe. Ina theannta sin, laghdaigh an tSeirbhís Promhaidh maoiniú deontais chomh maith d'eagraíochtaí pobalbhunaithe, i roinnt cásanna, chun cistí ar lámh a chur san áireamh.

B.7 Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail

Soláthair an mheastacháin: €3.002 milliún, táirgeacht: €2.22 milliún

Tháinig coigilt €782,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €3.002 milliún, rud a léirítear i laghdú €700,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an choigilt chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas mar Mhaoirseoirí Seirbhíse Pobail a líonadh laistigh den tSeirbhís Promhaidh.

B.11 Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil

Soláthair an mheastacháin: €4.282 milliún, táirgeacht: €3.26 milliún

Tháinig an choigilt €1.022 milliún chun cinn mar thoradh ar dhá dhámhachtain mhóra a rinne an Binse in 2019 arbh ionann iad agus breis is €1 milliún nár ghlac na hiarratasóirí leo i scríbhinn faoi dheireadh na bliana agus níorbh fhéidir íocaíocht a dhéanamh dá bhrí sin. Dá nglacfaí leo, bheadh an buiséad ina iomlán caite

B.12 Cúnamh Dlíthiúil (coiriúil)

Soláthair an mheastacháin: €61.302 milliún, táirgeacht: €65.092 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €3.79 milliún don fho-mhírcheann an barrachas i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €61.302 milliún. Tháinig an ceangaltas breise chun cinn de bharr líon agus chatagóir na gceisteanna coiriúla os comhair na gcúirteanna ar eisíodh deimhnithe um chúnamh dlíthiúil ina leith. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962, is iad na Breithiúna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil a dheonú. Is scéim í sin a threoraítear le héileamh agus is de réir théarmaí agus coinníollacha na scéime a íoctar na táillí agus na speansais atá le híoc leis na cleachtóirí dlí.

B.13 Cúnamh Dlíthiúil (saincheisteanna coimeádta)

Soláthair an mheastacháin: €3 mhilliún, táirgeacht: €3.201 milliún

D'eascair an barrachas de €201,000 mar gheall ar chineál na scéime atá bunaithe ar éileamh agus ní féidir an caiteachas bliantúil a thuar go cruinn. Is de réir théarmaí agus coinníollacha na scéime a íoctar na táillí agus na speansais atá le híoc leis na dlí-chleachtóirí.

B.14 An Bord Parúil

Soláthair an mheastacháin: €577,000, táirgeacht: €361,000

Tháinig coigilt €216,000 chun cinn le costais phárolla a bhain le foireann an Bhoird Parúil a athlonnú laistigh de réimsí riaracháin na Roinne sa chuid dheireanach den bhliain. Bhí sin mar thoradh ar atheagrú feidhmeanna faoin gClár Trasfhoirmithe. Ina theannta sin, ba lú an caiteachas neamh-phárolla a bhí ann ná mar a bhí pleanáilte de bharr nár bunaíodh an Bord Parúil ar bhonn reachtúil in 2019.

B.15 Bearta coiscithe coireanna

Soláthair an mheastacháin: €1.197 milliún, táirgeacht: €411,000

Tháinig coigilt €786,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €1.197 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €500,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an gannchaitheamh chun cinn mar nár éiligh roinnt tionscnamh um chosc na coireachta a leithdháileadh maoinithe iomlán nó mar nach ndearnadh dul chun cinn leo mar a rabhthas ag súil leis sa bhliain 2019 ar.

B.17 COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne

Soláthair an mheastacháin: €2.738 milliún, táirgeacht: €2.409 milliún

Tháinig coigilt €329,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €2.738 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €300,000 (costais foirne) sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an choigilt chun cinn go príomha mar nár líonadh roinnt folúntas sa bhliain. De bheis air sin, tá an gannchaitheamh eile mar gheall ar roinnt tionscnamh nár tharraing anuas a leithdháileadh maoinithe iomlán le linn na tréimhse.

B.18. Eolaíocht Fhoiréinseach na hÉireann

Soláthair an mheastacháin: €31.727 milliún, táirgeacht: €14.925 milliún

Tháinig coigilt €16.802 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €30.785 milliún (móide géilleadh iarchurtha €942,000), rud a léirítear go páirteach i laghdú €15.3 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tá gannchaitheamh iomlán €18.352 milliún ann sa leithdháileadh caipitil. Tháinig sé sin chun cinn go príomha mar gheall ar an moill ar thosú thógáil na saotharlainne nua a thógáil ag Backweston, Co, Cill Dara. Tá gannchaitheamh €452,000 ann maidir le pá chomh maith de bharr gur éirigh baill foirne as/go ndeachaigh baill foirne ar scor agus de bharr go raibh moill ann foireann nua a earcú. Fritháiríodh an gannchaitheamh i gcaipiteal agus pá go páirteach trí róchaitheamh €2.002 milliún i gcaiteachas reatha ar sholáthairtí bunriachtanacha a fháil don tSaotharlann chun freastal ar ualach oibre méadaithe.

B.19 An Paiteolaí Stáit

Soláthair an mheastacháin: €975,000, táirgeacht: €1.23 milliún

Ba trí mheastachán forlíontach €400,000 a freastalaíodh ar an mbarrachas €255,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €975,000. Tháinig na costais bhreise chun cinn mar gheall ar chostais bliana iomlána pearsanra breise a fostaíodh ó dheireadh 2018 ar aghaidh.

Clár C Teacht ar cheart agus ar chóir do chách

		2019		2018
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	198		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	33		
			231	197
C.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	120		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	63		
			183	160
C.3	Ciste Magdalen			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	3,560		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	2,300		
			5,860	2,044
C.4	Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	7,356		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(800)		
			6,556	6,874
C.5	An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil		40,796	40,275
C.6	Ionaid Saorchomhairle Dlí		98	98
C.7	Seirbhís Chróinéara			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	2,814		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	1,000		
			3,814	2,820
		57,538	55,977	52,468

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000).

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár C €1.035 milliún níos airde ná an méid (bunaidh) a soláthraíodh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €54.942 milliún faoi €2.596 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúcháin i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

C.3 Ciste Magdalen

Soláthair an mheastacháin: €3.56 milliún, táirgeacht: €4.912 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €2.3 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €1.352 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €3.56 milliún. Tháinig an caiteachas breise chun cinn mar gheall ar níos mó íocaíochtaí sásaimh a bheith ann ná mar a bhíodas ag súil leis i dtosach in 2019. De bheis air sin, sannadh níos mó acmhainní chun a chinntiú go bpróiseálfaí na héilimh laistigh de chreat ama réasúnta.

C.4 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Soláthair an mheastacháin: €7.356 milliún, táirgeacht: €5.937 milliún

Tháinig coigilt €1.419 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €7.356 milliún rud a léirítear i laghdú €800,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an choigilt chun cinn go príomha mar nach raibh costais áirithe, lenar áiríodh costais dlí trú páirtí, dlite lena n-íoc sa bhliain 2019. De bhreis air sin, tabhaíodh níos lú costas i ndáil le Fiosrúchán mar gheall ar éisteachtaí a chur ar fionraí go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe.

C.7 Seirbhís Chróinéara

Soláthair an mheastacháin: €2.814 milliún, táirgeacht: €3.814 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €1 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €1 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €2.814 milliún. Baineann an caiteachas barrachais go príomha le riachtanais bhreise acmhainní a chur ar fáil a bhain le méid agus castacht an ualaigh oibre in oifig Chróinéara Bhaile Átha Cliath. Tá an oifig seo faoi shainchúram na Roinne ó 2017.

Clár D Sochaí chothrom uilechuimsitheach

		2019		2018
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	634		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	103		
			737	626
D.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	381		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	196		
			577	512
D.3	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	4,811		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(200)		
			4,611	4,029
D.4	Oifig chun Lánpháirtíocht Imirceach a Chur Chun Cinn			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	4,645		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(1,500)		
			3,145	2,940
D.5	Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoine arna maoiniú)		7,000	5,111
D.6	Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban		525	525
D.7	Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach		3,880	3,069
D.8	Gníomh Dearfach um Chomhionannas Insnce		5,085	4,861
D.9	Tionscnaimh Chomhionannais agus <i>LGBTI</i>		200	148
D.10	An tseirbhís tacaíochta cinntí			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	3,500		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(800)		
			2,700	2,700
			28,460	24,509
				21,501

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár D €6.152 milliún níos ísle ná an méid (bunaidh) a soláthraíodh. Laghdaíodh an meastachán bunaidh €30.661 milliún faoi €2.201 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

D.3 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Soláthair an mheastacháin: €4.811 milliún, táirgeacht: €4.27 milliún

Léirítear an choigilt €541,000 i bpáirt i laghdú sa bhfo-mhírcheann sa phróiseas forlíontach. Baineann €425,000 den choigilteas le pá mar thoradh ar an moill a bhí ar fholúntais a líonadh. Tá an t-iarmhéid mar gheall ar níos lú caiteachais ná mar a rabhthas ag súil leis ar thionscadail áirithe.

D.4 Oifig chun Lánpháirtíocht Imirceach a Chur Chun Cinn

Soláthair an mheastacháin: €4.645 milliún, táirgeacht: €2.488 milliún

Tháinig coigilt €2.157 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €4.645 milliún, rud a léirítear i laghdú €1.5 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2019. Níor tháinig méadú ar an líon ball foirne le linn na bliana 2019 agus rinneadh costais phárolla a athlonnú go dtí réimse riaracháin na Roinne i rith na bliana agus chuir sé sin i bpáirt le coigilt €1.08 milliún. Tharla an choigilt €1.077 milliún i gcaiteachas neamh-phárolla mar gheall nár tharraing tionscadail cistí anuas in 2019; costais i ndáil le Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann a bheith níos lú ná mar a measadh agus gan clár maoinithe pleanáilte maidir le húdaráis áitiúla a chomhtháthú a chur i bhfeidhm.

D.5 Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoine arna maoiniú)

Soláthair an mheastacháin: €7 milliún, táirgeacht: €5.111 milliún

Tháinig an choigilt €1.889 milliún chun cinn go príomha mar gheall nár bhain tionscadail i réimse Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig úsáid iomlán as maoiniú chun tús a chur le cláir bhreise in 2019. Bhain an chuid eile den choigilt le tionscadail i réimsí a bhain leis an Lucht Siúil, na Romaigh agus Imeachadh nach raibh na cistí a bhí leithroinnte ina leith do 2019 tarraingthe anuas go hiomlán.

D.7 Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach

Soláthair an mheastacháin: €3.88 milliún, táirgeacht: €3.069 milliún

Tháinig coigilt €811,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €3.88 milliún, rud a léirítear go páirteach toisc nach raibh roinnt tionscadal in ann a leithdháileadh maoinithe iomlán a éileamh sa tréimhse.

D.10 An tseirbhís tacaíochta cinntí

Soláthair an mheastacháin: €3.5 milliún, táirgeacht: €2.7 milliún

Foráiltear leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, don tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a bhunú laistigh den Choimisiún Meabhair-Shláinte. Bheadh sé de dhualgas uirthi tacú le cinntí a dhéanann daoine fásta a bhfuil deacrachtaí cumais acu agus cinntí a dhéantar thar a gceann agus rialáil a dhéanamh orthu sin a thugann tacaíocht do na daoine fásta sin. Tháinig coigilt €800,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh agus tugtar i gcuntas é le gannchaitheamh ar chostais i ndáil le tionscadal TFC agus caiteachas níos lú a bheith ann i ndáil le táillí speisialta (athbhreithniú ar chóid chleachtais neamh-chúram sláinte) agus táillí ginearálta dlí a bheith níos ísle ná mar a raibh súil leo.

Clár E Córas imirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtúil, freagrúil agus cothrom

		2019		2018
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	8,605		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	1,380		
			9,985	8,520
E.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	5,178		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	2,632		
			7,810	6,951
E.3	Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha		2,500	1,108
E.4	Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	71,388		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	3,500		
			74,888	66,506
E.5	Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	70,620		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	60,000		
			130,620	78,009
			225,803	161,094

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár E €64.329 milliún níos airde ná an méid (bunaidh) a soláthraíodh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €158.291 milliún faoi €67.512 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

E.3 Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha

Soláthair an mheastacháin: €2.5 milliún, táirgeacht: €2.232 milliún

Tháinig an choigilt €268,000 chun cinn mar gur cuireadh íocaíocht sa chéad thrainse le tionscadal amháin ó ghlao oscailte 2019 siar go dtí 2020. De bhreis air sin, níor tarraingíodh anuas líon d'íocaíochtaí tríú trainse a bhain le tionscadail ó ghlao oscailte 2016.

E.5 Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann

Soláthair an mheastacháin: €70.62 milliún, táirgeacht: €129.599 milliún

Léirítear caiteachas barrachais €58.979 milliún i riachtanas mheastachán forlíontach an €60 milliún. Tháinig ardú géar ar líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a tháinig isteach sa Stát agus b'ionann sin agus ardú foriomlán 40% ar an mbliaín 2019. Dá réir, bhí brú suntasach ar chóiríocht soláthair dhíreach agus dá bharr bhí 7,683 duine i ngach cineál cóiríochta, lena n-áirítear 1,512 duine i gcineál cóiríochta éigeandála níos costasaí ag deireadh na bliana 2019. B'iad na figiúirí comhréireacha ag deireadh na bliana 2018 6,115 i ngach cineál cóiríochta lena n-áirítear 219 i gcóiríocht éigeandála.

Note 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2019		2018
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí cinsireachta scannáin		1,503	1,261
2	Táillí cosanta sonraí		—	234
3	Fáltais AE			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	16,500		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	6,300		
		22,800	17,843	15,434
4	Fáltais ilghnéitheacha	583	1,325	812
5	Táillí clárúcháin inimirce			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	28,000		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	13,000		
		41,000	39,423	33,429
6	Táillí víosa			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	6,000		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	4,000		
		10,000	9,847	9,552
7	Fáltais na gcuntas díomhaoín	7,000	4,873	4,404
8	Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach	2,564	3,444	2,416
9	Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	8,500		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(3,300)		
		5,200	5,368	9,407
10	An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla	1	—	—
11	Táillí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine	2,300	2,250	2,250
12	Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	680	1,083	688
13	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí ^a			
	<i>Meastachán bunaidh</i>	4,033		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	470		
		4,503	4,447	5,140
		98,134	91,105	85,027

Nóta ^a Tagraíonn figiúr 2018 do asbhaintí a bhaineann le pinsin. Cuireadh iad seo in ionad ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó 1 Eanáir 2019.

Athrúcháin shuntasacha

San iomlán, bhí na leithreasai i gcabhair €13.441 milliún níos airde ná an méid (bunaidh) a soláthraíodh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €77.664 milliún faoi €20.47 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an barrachas i bhfáltais chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

1 Táillí cinsireachta scannáin

Measta: €1.503 milliún, réadaithe: €1.202 milliún

Tháinig an t-easnamh €301,000 i bhfáltais chun cinn go príomha mar gheall ar an laghdú leantach sa líon DVDanna atáthar ag cur isteach lena n-aicmiú.

3 Fáltais AE

Measta: €16.5 milliún, réadaithe: €17.843 milliún

Méadaíodh an sprioc fáltais bunaidh €16.5 milliún faoi €6.3 milliún sa mheastachán forlíontach mar bhí an Roinn ag súil le fáltais bhreise AE ó éilimh a chur isteach le haghaidh blianta iomadúla chuig an AE in 2019. Cé go bhfuarthas roinnt fáltais breise, ní raibh na méideanna a cuireadh isteach agus a éillíodh chomh mór agus a bhí tuartha. Tá sé deacair na méideanna deiridh atá le fáil ón AE a thuar go cruinn in aon bhliain ar leith mar braitheann sé ar uainiú na bhfáltais, ar bhonn na n-éileamh a chuirtear isteach.

4 Fáltais ilghnéitheacha

Measta: €583,000 milliún, réadaithe: €1.325 milliún

Tháinig an barrachas €742,000 i bhfáltais chun cinn mar go bhfuil sé doiligh suim chruinn na bhfáltais faoin gcatagóir seo a thuar, ar suim í a athraíonn ó bhliain go bliain.

5 Táillí clárúcháin inimirce

Measta: €28 milliún, réadaithe: €39.423 milliún

Tháinig barrachas €11.423 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €28 milliún, rud a léirítear go páirteach i leithdháileadh méadaithe €13 milliún sa mheastachán forlíontach don vóta sa bhliain 2019. Léirítear san iontógáil mhéadaithe ó tháillí an méadú sna neamhnáisiúnaigh a cláraíodh sa bhliain.

Is figiúr dothuartha é sin mar gur féidir go rachaidh roinnt tosca i bhfeidhm air, lena n-áirítear an timpeallacht gheilleagrach. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh sé i bhfad níos mó nó i bhfad níos ísle ná na meastacháin bhunaidh. In 2019 bhí 175,506 clárúchán ar fud na tíre. Tá sé seo i gcomparáid le figiúr de 138,472 do 2018.

6 Táillí víosa

Measta: €6 milliún, réadaithe: €9.847 milliún

Tháinig barrachas €3.847 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €6 milliún, rud a léirítear i leithdháileadh méadaithe €4 milliún sa mheastachán forlíontach don vóta sa bhliain 2019. Tháinig an barrachas i bhfáltais chun cinn mar gur tháinig méadú suntasach sa bhliain 2019 ar iarratais ar víosaí fadtéarmacha agus gearrghanachta araon as a dtiocfaidh méadú foriomlán de 11% i gcinntí víosaí in 2019 (thart ar 154,000) i gcomparáid le 2018.

7 Fáltais na gcuntas díomhaoin*Measta: €7 milliún, réadaithe: €4.873 milliún*

Tháinig an t-easnamh €2.127 milliún i bhfáltais chun cinn go príomha le tionscadail de chuid Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig mar nár úsáideadh go hiomlán maoiniú chun tús a chur le cláir bhreise in 2019. Tharla an chuid eile den choigilteas de bharr nár tharraing tionscnaimh i réimsí a bhain leis an Lucht Siúil, na Romaigh agus Imeascadh cistí a bhí leithroinnte do 2019 anuas go hiomlán.

8 Táillí an Údaráis um Shlándaíl Phríobháideach*Measta: €2.564 milliún, réadaithe: €3.444 milliún*

Tháinig barrachas €880,000 i bhfáltais chun cinn mar gheall ar tháillí méadaithe ar fud na réimsí uile arna dtiomáint ag geilleagar beoga, gníomh forfheidhmithe spriocdhírthe agus líon níos mó iarratas agus athnuachan ná mar a rabhtas ag súil leis.

9 Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta*Measta: €8.5 milliún, réadaithe: €5.368 milliún*

Tháinig easnamh €3.132 milliún i bhfáltais chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €8.5 milliún, rud a léirítear go páirteach i leithdháileadh laghdaithe €3.3 milliún sa mheastachán forlontach don vóta sa bhliain 2019. Bhí baint ag an easnamh le tionchar bhreithiúnas Ard-Chúirte a chuir stop go héifeachtach le saoránacht a dheonú ar feadh tréimhse ama le linn 2019 le laghdú iarmhartach ar ioncam. Cuireadh breithiúnas na hArd-Chúirte ar ceal ina dhiaidh sin ar achomharc ag an gCúirt Achomhairc.

12 Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann*Measta: €680,000, réadaithe: €1.083 milliún*

Tháinig barrachas €403,000 i bhfáltais go príomha mar thoradh ar líon na gcásanna féimheachta a socraíodh le linn 2019. Tá sé deacair na fáltais a mheas ó bhliain go bliain mar tá sé ag brath ar líon na gcásanna féimheachta a shocraítear agus ar phunann na sócmhainní i ngach cás.

13 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí*Measta: €4.033 milliún, réadaithe: €4.447 milliún*

Tá na fáltais bharrachais €414,000 bainteach go díreach le costais phárolla agus bhí siad níos mó ná a rabhtas ag súil leis.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Stáitchiste

	2019	2018
	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir	18	7
Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastail	25	18
Aistrithe chuig Stáitchiste	(18)	(7)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	25	18

Nóta 5 Líon agus Pá na bhfostaithe

Baineann an fhaisnéis seo a leanas maidir le líon agus pá na bhfostaithe leis an Roinn agus lena comhlachtaí gaolmhara Stáit, i Vóta 24.

5.1 Líon na bhfostaithe

(ar choibhéis lánaimseartha iad)

	2019	2018
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	1,474	1,369
Gníomhaireachtaí	1,531	1,412
Iomlán	3,005	2,781

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2019 €000	2018 €000
Pá	65,504	60,203
Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise	109	116
Liúntais eile	1,641	1,649
Ragobair	1,634	1,151
ÁSPC an Fhostóra	5,293	4,530
Pá iomlán ^a	74,181	67,649

Nóta ^a Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud na bhfotheideal A.1, B.1, C.1, C.4, D.1 agus E.1.

Luach saothair na gníomhaireachta

	2019 €000	2018 €000
Pá	81,032	74,907
Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise	116	117
Liúntais eile	2,356	2,289
Ragobair agus tinreamh breise	1,674	1,386
ÁSPC an Fhostóra	5,391	4,659
Pá iomlán ^a	90,569	83,358

Nóta ^a Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud na bhfotheideal A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.10, A.11, A.13, B.3, B.4, B.7, B.16, B.18, B.19, C.5, C.7, D.3, D.10, agus E.4.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighte oirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	
			2019 €	2018 €
Foireann na roinne				
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	29	2	12,565	18,370
Ragobair agus tinreamh breise	512	37	33,446	35,440
Liúntais uainoibre agus uainchláir	204	10	12,623	12,174
Ilghnéitheacha	46	5	20,614	20,614
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	173	72	41,145	37,294
Foireann ghníomhaireachta				
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	18	6	23,982	52,906
Ragobair agus tinreamh breise	96	4	24,126	26,341
Liúntais uainoibre agus uainchláir	1	—	51	—
Ilghnéitheacha	230	38	18,519	53,138
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	26	13	30,089	31,208

5.4 Socruithe eile maidir le luch saothair

Íocadh suim €102,801 san iomlán le 14 státseirbhíseach scortha a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse in 2019. Lena chois sin, íocadh suim €618,234 le 16 iar-státseirbhíseach agus €296,234 le ceathrar iar-bhall de chuid na mbreithiúna a bhí gafa le róil éagsúla in 2019. Cuireadh an riail laghdaithe phinsin i bhfeidhm de réir Alt 52 den Acht um Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

San iomlán íocadh €3,269,231 tríd an bpárolla le 202 dhuine i dtaca le dualgais a cuireadh i gcrích maidir le boird éagsúla, le coistí éagsúla agus le coimisiúin éagsúla, srl.

Cuimsíonn an cuntas caiteachas de thart ar €229,000 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid di agus ar foc an Roinn a dtuarastal.

Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith 20 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid de i Ranna / Oifigí Rialtais eile agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastal.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ag 31 Nollaig	Líon na bhfaighte oirí	2019 €	2018 €
Ró-íocaíochtaí ^a	147	713,955	687,028
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	87	376,422	348,889

14 phlean aisghabhála ró-íocaíochta dar luach €29,329 a bhain le 13 duine aonair, aistríodh iad chuig naoi gcinn de Ranna Rialtais/d'Oifigí Rialtais sa bhliain 2019.

Nóta ^a Ní chuimsíonn an figiúr seo méideanna ró-íocaíochta do 32 fostaí (2018: 30 fostaí) sa chás go bhfuil an méid atá dlite ar feitheamh á ríomh.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapachá in	Caiteachas carntha go deireadh 2019 €000	2019 €000	2018 €000
Coimisiún buan				
Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla ^a	1974	—	113	31
Coimisiún cuspóra sheasta				
Binse Morris ^b	2002	68,775	2	—
Binse Smithwick ^c	2005	19,889	—	404
Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach ^d	2007	7,852	467	388
Coimisiún Imscrúdaithe Ronan MacLochlainn ^e	2014	1,192	17	6
An Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ^f	2014	1,385	322	538
An Binse um Nochtuithe ^g	2017	5,295	2,329	1,927
An Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta ^h	2017	1,823	2	1,429
An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú ⁱ	2017	80	28	52
Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson ^j	2018	174	170	4
Coimisiún Reifrinn ^k	2019	2,336	2,336	—
Staidéar ar Athbhreithnithe ar Fhinemharú agus ar Dhúnbhású Baile ^l	2019	151	151	—
		108,952	5,937	4,779

Nótaí ^a Leanfaidh na costais maidir leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla de réir mar a bheidh obair an Bhinse ar bun.

^b Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil deiridh sa bhliain 2008. B'ionann costas an Bhinse go dtí seo ná €68.8 milliún le caiteachas in 2019 ag teacht go €2,486 maidir le mionchostais riaracháin. D'fhéadfadh go mbeadh costais fágtha le scaoileadh maidir le tríú páirtí amháin nach bhfuil socraithe fós. Táthar ag súil leis gur cheart aon chostais den sórt sin a urscaoileadh roimh dheireadh 2020.

^c Chinn Binse Smithwick ag deireadh 2013. Tá costais eile fós le hurscaoileadh maidir le tríú páirtí amháin nach bhfuil socraithe fós.

- ^d Tá obair an Choimisiúin Neamhspleáigh um Aimsiú Taisí Íospartach ar siúl fós, agus táthar le teacht ar thaisí triúir íospartach fós. Baineann na príomhchostais le tochairtí le haghaidh taisí i gcás inar féidir láithreáin a shainaitheint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú. Bhain an caiteachas €467,115 sa bhliain 2019 le cuardaigh a rinneadh i mBragán, Co. Muineachán, rud a fhágann gurb ionann an caiteachas iomlán go dtí seo agus geall le €7.9 milliún. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí.
- ^e Bunaíodh Coimisiún MacLochlainn i Lúnasa 2014. Ba é a bhí i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin fiosrú a dhéanamh ar na cúinsí ina ndearna comhaltaí den Gharda Síochána Ronan MacLochlainn a scaoileadh agus a mharú an 1 Bealtaine 1998. Foilsíodh tuarascáil deiridh an Choimisiúin i mí na Nollag 2018. Tabhaíodh caiteachas €17,417 sa bhliain 2019. Ní mheastar gur suntasach a bheidh aon chostais eile a bhaineann leis an gCoimisiún.
- ^f Ag teacht sna sála ar an obair a rinne an Mheicníocht Athbheithnithe Neamhspleách, chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cúig fhiosrúchán ar bun sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun fiosrú a dhéanamh ar chúig imscrúdú ar leith de chuid an Gharda Síochána. Tá tacaíocht cóiríochta agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt lena chéile ag na cúig fhiosrúcháin. Cuireadh dhá cheann de na fiosrúcháin sin i gcrích i mí Aibreáin 2018 agus meastar go gcuirfear na trí cinn eile i gcrích sa bhliain 2020. Tabhaíodh caiteachas €322,000 sa bhliain 2019. Meastar go n-íocfar na costais ar fad eile sa bhliain 2020.
- ^g Bunaíodh an Binse um Nochtuithe i mí Feabhra 2017. Is é an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, an t-aon chomhalta amháin den Bhinse. Bunaíodh an Binse tar éis athbheithnithe a rinne an Breitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh don Tánaiste ag an am, inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar siúl ar an leibhéal is airde den Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a rinne líomhaintí go raibh éagóir ar bun sa Gharda Síochána. Leag an Breitheamh Onórach Charleton an tuarascáil uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tabhaíodh caiteachas €116,656 maidir leis an modúl seo sa bhliain 2019. Ní féidir costas deiridh an chéad mhodúil den Bhinse a mheas go cruinn mar go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca, lena n-áireofar suim aon chostas dlí tríú páirtí a measfar go n-íocfar iad sa bhliain 2020.
- I mí na Nollag 2018, ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapacháin chun an fiosrúchán a dhéanamh ar an téarma tagartha deiridh dá bhforáiltear san ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Meastar go dtógfaidh sé idir ocht mí dhéag agus dhá bhliain chun an dara modúl seo a chur i gcrích. Tabhaíodh caiteachas €2,211,860 i ndáil leis an modúl seo in 2019.
- ^h Rinne an Rialtas an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, atá faoi chathaoirleacht Kathleen O'Toole Uas., a chur ar bun i mí na Bealtaine 2017 chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar an bpóilíneacht agus treoiphrlean a fhorbairt le haghaidh thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Chuir an Coimisiún an tuarascáil uaidh faoi bhráid an Rialtais ag an gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2018. Tabhaíodh caiteachas €2,005 sa bhliain 2019 a bhain le roinnt íocaíochtaí beaga gan íoc. Is é caiteachas iomlán an Choimisiúin go dtí seo ná €1.8 milliún. Níltear ag súil le caiteachas ábhartha breise.
- ⁱ Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú sa bhliain 2017 agus beidh sé i mbun oibre ar feadh tréimhse cúig bliana. Is comhlacht trasteorann é atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí. Bunaíodh é faoi Chomhaontú 2015 dar teideal Tús Nua. Glacann an Coimisiún páirt i gcomhairliúcháin fhadréimseacha chun tuairisc a thabhairt gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dTuaisceart Éireann ar chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe a bhfuil mar aidhm leo gach cineál paraimíleatachais a chomhrac.

Cuireadh an dara tuarascáil ón gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú i láthair Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019. Meastar go mbeidh an costas bliantúil do na trí bliana atá fágtha cothrom le thart ar €40,000.

- j Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin a rinneadh in aghaidh Bill Kenneally, do líomhaintí á rá gur thug sé mí-úsáid ghnéasach do leanaí agus do nithe gaolmhara. Fiosróidh an Coimisiún cén t-eolas, dá mb'ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Eaglaise Caitlicí Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana polaitíochta áirithe sa tréimhse ama iomchuí ar na cionta a rinne Bill Kenneally.
Cé go rabhthas ag súil i dtosach go rithfeadh an Coimisiún ar feadh bliana le costas thart ar € 1.3 milliún, bhí an obair ullmhúcháin tosaigh níos suntasaí ná mar a rabhthas ag súil leis. Cuireadh tús le héisteachtaí in 2019 ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe. Táthar ag súil le híocaíochtaí breise lena n-áirítear nótaí táillí gan íoc do 2019.
- k Thabhaigh an Coimisiún Reifrinn costais €2,336,631 sa bhliain 2019 i dtaca leis an Reifreann maidir le Colscaradh. Ní mheastar go dtabhófar aon chaiteachas breise sa bhliain 2020 i dtaca leis an reifreann sin.
- l Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Norah Gibbons Uasal chun Staidéar ar Athbhreithnithe ar Finemharú agus Dúnbhású Baile a threorú i mBealtaine 2019. Tá taighde déanta ag an nGrúpa Staidéir agus chuaigh siad i gcomhairle le réimse leathan de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear gníomhaireachtaí Stáit, daoine muinteartha íospartach agus Eagraíochtaí Neamh-Rialtais (NGOanna). Tá an Grúpa le tuairisciú i lár 2020. Tá buiséad foriomlán de €500,000 ag an staidéar agus tabhaíodh caiteachas de €150,567 in 2019.

6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €42,498 (2018: €121,824) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, lena n-áirítear imeachtaí cúirte faoin Acht um Fháiltais Choiriúlachta 1996, na hAchtanna um Choimisínéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €1,714,245 (2018: €1,796,764) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar dó, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €27,182 (2018: €10,487) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisní faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar €94,256 (2018: €33,158) maidir le 27 cás eile maidir le cúnamh dlí in imeachtaí cóiriúla.

6.3 Ciste um Thionscnamh na nDrugáí

Fuarthas suim de €350,183 (2018: €338,066) ón gCiste um Thionscnamh na nDrugáí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

6.4 Cúiteamh & costais dlí

					2019	2018
	Líon cásanna	Costais dlí íoctha ag an Roinn €000	Costais dlí bronnta €000	Cúiteamh bronnta €000	iomlán €000	iomlán €000
Éilimh ag baill an phobail	414	1,025	6,493	50	7,568	9,365
Éilimh ó fhostaithe	3	1	1	1	3	3
	417	1,026	6,494	51	7,571^a	9,368

Nóta ^a De luach iomlán na gcostas dlí de €7.571 milliún, baineann €6.133 milliún (81%) le réimsí Inimirce na Roinne. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena n-áirítear Rannán Beartas Coiriúil na Roinne, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí.

6.5 Ús ar íoc pras cuntas

Ba é €5,896 (2018: €3,675) suim an úis ar íoc pras a thabhaigh an Roinn in 2019.

6.6 Maoiniú AE

Áirítear leis na torthaí a léirítear i bhFo-mhírchinn B.6, B.8, D.4, E.3 agus E.4 na híocaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad. Ba mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar fháltais agus na torthaí iarbhir (atá taifeadta i nóta 4.1, fo-mhírchéann 3):

	2019 Meastach án €000	2019 Toradh €000	2018 Toradh €000
Cur síos ar an bhfo-mhírchéann			
CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (<i>PEIL</i>) 2014 – 2020 (CSE)			
<i>Meastachán bunaidh</i> 11,200			
<i>Meastachán forlontach</i> 6,300			
	17,500	12,730	6,589
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014 – 2020 (<i>AMIF</i>)	5,300	5,000	8,845
F.3. Fáltais Eile AE	—	113	—
	22,800	17,843	15,434

Nóta Anuas air sin, fuair an Roinn réamhchistiú ón Aontas Eorpach sa bhliain 2019. Riartar an cistiú sin trí chuntais fionraí.

Aguisín A Cuntais de chuid comhlachtaí faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne. Léiríonn sé, ag deireadh mhí an Mhárta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

Comhlacht/ ciste na roinne	Tréimhse Chuntasáíochta Dheiridh	Dáta na tuairisce iniúchta	Dáta faighte ag Aire/ Roinn	Dáta curtha i láthair an Oireachtais
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	2018	20 Nollaig 2019	24 Nollaig 2019	27 Eanáir 2020
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	2018	9 Nollaig 2019	24 Feabhra 2020	Ar feitheamh
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	2018	16 Nollaig 2019	15 Eanáir 2020	Ar feitheamh
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	2018	19 Nollaig 2019	15 Eanáir 2020	23 Márta 2020
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	2018	24 Meitheamh 2019	26 Meán Fómhair 2019	25 Deireadh Fómhair 2019
Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí	2018	28 Lúnasa 2019	9 Meán Fómhair 2019	9 Meán Fómhair 2019
An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach	2018	31 Bealtaine 2019	10 Meitheamh 2019	9 Lúil 2019
Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine	2018	27 Meán Fómhair 2019	18 Nollaig 2019	14 Eanáir 2020
An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí	2018	16 Nollaig 2019	10 Eanáir 2020	11 Márta 2020